DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán na Marcanna

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

## (220 marc)

**DÉARDAOIN 7 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 pm go dtí 3.45 pm**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | | |
| CT | | |
| | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |

THALL→

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST.

**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]**

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

**1**
**Ar díol**
**Fáinne óir ar £100**

**2**
Ná caitear tobac!

**3**
~~Caillte~~
*Madra dubh*

**4**
**Fógra**
**Ná téigh ag snámh sa loch**

**5**
**Ciúnas sa leabharlann!**


**6**
Cruinniú príobháideach
ar siúl sa halla
8pm – 10pm

**7**
***Páistí ag súgradh***
*Tiomáin go mall*
FICHE M.S.U.

**8**
Agus anois ar TG4 – an aimsir. Beidh sé fliuch agus gaofar sa tráthnóna

**9**
**Bláthanna do gach ócáid!**


**10**
**Sladmhargadh**
Bróga spóirt
ar leathphraghas

























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (30 marc)

(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# AN GARDA SÍOCHÁNA

***Cabhraigh linn chun cabhrú leatsa***
***do cheantar a choimeád slán sábháilte***

**SEIMINEÁR LAE I HALLA AN BHAILE**

**DÉ DOMHNAIGH 24 MEITHEAMH 2001**

**FÁILTE ROIMH CHÁCH**

**AN CLÁR**

| | |
|---|---|
| **10.00 a.m.** | Osclóidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Leasaithe Dlí an seimineár go hoifigiúil. Labhróidh sé ar an obair a dhéanann na Gardaí. |
| **10.30 a.m.** | Caint ó Choimisinéir an Gharda Síochána, Seán Ó Broin, ar: *Na rudaí is féidir leis na Gardaí agus na daoine a dhéanamh chun cabhrú lena chéile.* |
| **11.00 a.m.** | Sos go dtí 11.30 a.m. Seans ag muintir na háite agus na Gardaí bualadh agus labhairt lena chéile. |
| **11.30 a.m.** | Taispeánfaidh an Sáirsint, Tomás Ó hÉalaí, físeán ar: *Conas do theach a choimeád slán*. Freagróidh sé ceisteanna ar an bhfíseán i ndiaidh an taispeántais. |
| **12.30 p.m.** | Lón in Óstán an Chaisleáin. |
| **2.00 p.m.**<br>**3.00 p.m.** | Caint ón Dr. Ó Murchú ar: *Daoine óga, drugaí agus alcól – cad is féidir a dhéanamh*?<br>Deireadh an tseimineáir. |

**(i)** Cá mbeidh an seimineár?

**(ii)** Cad is féidir leis na gardaí agus muintir na háite a dhéanamh ag an sos ar 11.00 a.m.?

**(iii)** Luaigh rud amháin a dhéanfaidh an Sáirsint, Tomás Ó hÉalaí, ag an seimineár.

**THALL→**

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



**TUIRSEACH DE BHIA TAPA?**

Ceannaigh leabhar nua cócaireachta den chéad scoth



***Cócaireacht do gach duine***

**le Siobhán Ní Mhurchú**

**Foghlaim conas:**

- Bia blasta a ullmhú sa bhaile go tapa
- Airgead a shábháil
- Do mheáchan a laghdú le do rogha aiste bia:
  feoilséantach, iasc nó feoil
- Feoil mhaith a cheannach agus í a chócaireacht i gceart
- Béilí do chóisirí a ullmhú go héasca
- Lón suimiúil agus sláintiúil a ullmhú do pháistí scoile

**Cócaireacht ar bheagán airgid!**

**Cócaireacht shláintiúil!**

Beidh Siobhán ag síniú cóipeanna dá leabhar i Siopa Leabhar Uí Néill

**Dé Sathairn seo chugainn ó 11.00 a.m. – 3.00 p.m.**

**(i)** Cad is ainm don leabhar a scríobh Siobhán Ní Mhurchú?

**(ii)** Cén sórt lóin atá sa leabhar seo do pháistí scoile?

**(iii)** Cad a bheidh ar siúl ag Siobhán Ní Mhurchú Dé Sathairn seo chugainn?

(c) Léigh na ***véarsaí*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo. (15 mharc)



**<u>Sa tSráid Inné</u>**

1.

Bhí fear ag rince ar leathchois
Amuigh sa tsráid inné,
Feairín is caipín ar a cheann,
Is dúidín ina bhéal.

2.

Níl a fhios agam an port nó ríl
Nó cornphíopa féin,
A bhí ar siúl aige sa tsráid,
I mbrothall an mheán lae.

3.

Bhí bean ag seinm ceoil sa tsráid
Ar shean-orgáinín béil,
A súile druidte aici faoin teas,
Ag éisteacht léi féin.



**Muiris Ó Ríordáin**

**<u>Gluais</u>: druidte = dúnta**

**(i)** Cad a bhí i mbéal an fhir?

______________

**(ii)** Cén t-am den lá a bhí ann?

**(iii)** Cad a bhí ar siúl ag an mbean faoin teas?

**THALL→**

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)

(a) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# AN MHÁTHAIR TERESA

Rugadh an Mháthair Teresa ar 26 Lúnasa 1910 i Skopje agus tugadh an t-ainm Agnes Bojaxhiu uirthi. Shocraigh sí gur mhaith léi a bheith ina bean rialta agus í dhá bhliain déag d'aois. Chuir sí suim san India nuair a chuala sí faoi obair na nÍosánach ann.

Sa bhliain 1928 chuaigh sí go dtí Clochar Loreto i Ráth Fearnáin i mBaile Átha Cliath ar feadh dhá mhí chun Béarla a fhoghlaim.

Chaith sí seacht mbliana déag i scoil i gCalcutta mar mhúinteoir tíreolaíochta agus ansin mar phríomhoide. Sa bhliain 1948 tugadh cead di an clochar a fhágáil chun dul ag obair i measc na mbocht i gCalcutta.



Thosaigh sí ord nua de mhná rialta sa bhliain 1950. Tá an t-ord ag obair ar fud na hIndia agus i níos mó ná céad tír anois.

Sa bhliain 1971 bhronn an Pápa Pól VI Duais Síochána uirthi agus i 1979 fuair sí duais síochána eile, Duais Nobel.

Ní raibh an tsláinte go maith aici sna blianta deireanacha dá saol. Ach lean sí ar aghaidh ag obair ar son na mbocht go dtí go raibh uirthi éirí as i mí Feabhra 1997. Ansin, caoga bliain tar éis di an t-ord a thosú, fuair sí bás ar 5 Meán Fómhair 1997.

**(i)** Cén t-ainm a bhí ar an Mháthair Teresa nuair a bhí sí óg?

**(ii)** Cén fáth ar chuir sí suim san India?

**(iii)** Cé mhéad bliain a chaith sí sa scoil i gCalcutta?

**(iv)** Cad a rinne sí i 1950?

**(v)** Cén duais a bhuaigh sí i 1979?

(b) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# SONIA – Ó, SUNTASACH!



Nuair a chuaigh Sonia O'Sullivan chuig a club áitiúil lúthchleasaíochta den chéad uair bhí sí dhá bhliain déag d'aois. Ach bhí níos mó suime aici sna cóisirí agus dioscónna a bhí ar siúl go rialta sa chlubtheach ná sa lúthchleasaíocht.

Thosaigh sí ag rith mar sin féin agus thug an traenálaí Seán Kennedy faoi deara í. D'aithin sé an tallann agus scil a bhí aici agus thosaigh sé á traenáil.

Bhuaigh Sonia scoláireacht chuig ollscoil mhór spóirt sna Stáit Aontaithe – Villanova, áit a ndeachaigh na reathaithe Eamonn Coughlan agus Ronnie Delaney roimpi. Ní raibh Sonia ach seacht mbliana déag d'aois nuair a d'fhág sí slán ag a tuismitheoirí agus ag a deirfiúr chun dul go Meiriceá.

Ó shin, tá an dá lá feicthe ag Sonia. An bhliain iontach sin 1995 nuair a bhuaigh sí an rás 5000m in Gothenburg, agus i 1996 in Atlanta nuair a d'fhág sí an rás agus í ag gol. Gan trácht ar Bhudapest nuair a thug sí léi dhá bhonn óir – don 5000m agus don 10,000m, ná Marakesh mar ar bhuaigh sí Craobh an Domhain sa rás trastíre. Agus cé a dhéanfaidh dearmad ar an mbonn airgid a bhuaigh sí sa rás 5000m an bhliain seo caite i Sydney?

Ach níl Sonia críochnaithe fós. Tá sí ag smaoineamh cheana féin ar na Cluichí Oilimpeacha i 2004!

**(i)** Cad iad na rudaí is mó a raibh suim ag Sonia iontu nuair a bhí sí óg?

**(ii)** Cén fáth ar thosaigh Seán Kennedy ar Sonia a thraenáil?

**(iii)** Cén aois a bhí Sonia nuair a d'fhág sí slán ag a muintir?

**(iv)** Cad a tharla in Atlanta?

**(v)** Cad a bhuaigh sí i Sydney?

**THALL→**

**ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA** **(110 marc)**

FREAGAIR **<u>GACH</u>** CEIST.

**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sa fhreagarleabhar a fuair tú ón bhFeitheoir.]**

**<u>CEIST 1</u>** Freagair *(a)* **<u>nó</u>** *(b)* anseo. (25 mharc)

*(a)* Tá tú ar saoire sa Spáinn (nó i dtír eile). Scríobh **<u>cárta poist</u>** chuig cara leat.


Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:



- cé atá in éineacht leat
- cá bhfuil sibh ag fanacht
- an aimsir
- rud éigin suimiúil a rinne sibh
- cén uair a fhillfidh tú abhaile.

**<u>NÓ</u>**

*(b)*




Is tusa Seán sna pictiúir thuas. Tá tú ag do theach féin. Níl éinne ann chun tú a ligean isteach. Fágann tú nóta ag do theach ag rá le do thuismitheoirí:

- cén fáth nach bhfuil tú sa bhaile
- cá bhfuil tú ag dul
- cad a dhéanfaidh tú i dteach Liam
- cathain a thiocfaidh tú abhaile
- cén chaoi a dtiocfaidh tú abhaile.

Scríobh an **<u>nóta</u>** sin.

**CEIST 2** Freagair *(a)* **nó** *(b)* anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach.]**



*(a)* Cheannaigh d'athair rothar nua duit. Ní raibh sé agat ach seachtain amháin nuair a goideadh é.

Scríobh **litir** chuig do dheartháir mór atá ina chónaí i dtír eile. Sa litir luaigh na pointí seo:

- cathain a fuair tú an rothar
- cá raibh an rothar nuair a goideadh é
- cá bhfuair na Gardaí an rothar
- an damáiste a bhí déanta don rothar

**NÓ**

*(b)*



Chuaigh tú go dtí ceolchoirm le cara. Scríobh **litir** chuig do dheartháir mór atá ina chónaí i dtír eile ag insint dó:

- conas a fuair sibh na ticéid
- conas a bhuail sibh le duine den ghrúpa
- cén sórt duine é
- rud éigin a cheannaigh sibh ag an gceolchoirm

**THALL→**

**<u>CEIST 3</u>** Freagair *(a)* **<u>nó</u>** *(b)* anseo. (45 mharc)

*(a)* **<u>Alt</u>** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **<u>cheann amháin</u>** de na hábhair seo:-

**(i)** Duais a bhuaigh mé.


**(ii)** Mo laethanta saoire an samhradh seo caite.

**(iii)** Rud a chuir áthas orm.

**(iv)** An pearsa spóirt is fearr liom.

**<u>NÓ</u>**

(*b*)




Is iad Deirdre agus Eoin na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an **<u>cuntas</u>** is dóigh leat a bheadh ag Deirdre ina dialann (**<u>nó</u>** ag Eoin ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra.]**